2026/2397

27.10.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2397 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh 2010/573/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cheannaireacht réigiún Tras-dnístria Phoblacht na Moldóive

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Meán Fómhair 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/573/CBES [1].

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2010/573/CBES, ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha a leagtar amach ann go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2027.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2010/573/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 4(2) de Chinneadh 2010/573/CBES, cuirtear an dáta ‘an 31 Deireadh Fómhair 2027’ in ionad ‘an 31 Deireadh Fómhair 2026’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsaburg, an 26 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON

[1] Cinneadh 2010/573/CBES ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cheannaireacht réigiún Tras-dnístria Phoblacht na Moldóive (IO L 253, 28.9.2010, lch. 54, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/573/oj).